**(c) Mínigh an coincheap 'Staid an Nádúir' trí thuairim Thomas Hobbes nó John Locke.**

**5 mharc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Ligeann cumhacht ceannasach iomlán do dhaoine maireachtáil gan eagla a anama a bheith orthu (Hobbes)
- Bíonn daoine ar thóir síochána go nádúrtha agus chaithfidís a saol go síochánta gan rialtais (Locke)
- Freagraí ábhartha eile

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 4 – 5M |
| Míniú maith | 2 – 3M |
| Míniú réasúnta | 0 – 1M |

**(d) Mínigh an ról atá ag na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018, i dtaca le cosaint a thabhairt in aghaidh an idirdhealaithe in Éirinn.**

**5 mharc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Is sraith dlíthe in Éirinn iad na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018 atá ceaptha chun troid i gcoinne an idirdhealaithe agus comhionannas a chur chun cinn i réimsí éagsúla den tsochaí
- Cuirtear cosc leis na hachtanna sin le hidirdhealú ar bhonn deich gcúis sonracha: inscne, aois, stádas teaghlaigh, stádas pósta, creideamh, gnéaschlaonadh, cine, ballraíocht den lucht siúil agus a bheith ag fáil HAP

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 4 – 5M |
| Míniú maith | 2 – 3M |
| Míniú réasúnta | 0 – 1M |

## ROINN B

### Ceist 2 – 150 marc

**(a) Bunaithe ar an bhfianaise i nDoiciméad A, cad iad na fáthanna ar vótáil daoine i dtoghcháin an AE? 10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Costas maireachtála
- Staid eacnamaíochta
- Staid idirnáisiúnta
- Cosaint an daonlathais agus riail an dlí
- Nós daonlathach srl.

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 8 - 10M |
| Cur síos maith | 4 - 7M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 3M |

**(b) Agus tagairt á déanamh agat do Dhoiciméad B, déan trácht ar na fáthanna a thug daoine fásta in Éirinn nár chaith siad vóta i dtoghcháin an AE. 10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- As baile
- Níorbh fhéidir leo cinneadh a dhéanamh conas vótáil
- Ceangaltais oibre
- Easpa spéise/muiníne sa chóras
- Míchumas/ceangaltais chúraim

| | |
|---|---|
| Tráchtaireacht an-mhaith | 8 - 10M |
| Tráchtaireacht mhaith | 4 - 7M |
| Tráchtaireacht réasúnta | 0 - 3M |

**(c) Déan trácht ar céatadán na vótálaithe (51%) sa toghchán Eorpach i nDoiciméad A.** **20 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- An líon ab airde in 1979/tháinig laghdú air go luath sna 2000idí, seasmhach thar 2019/2024
- Is mó seans go gcaithfidh fir vóta seachas mná
- Bíonn tionchar ag aois ar chéatadán na vótálaithe (is mó seans go gcaithfidh daoine níos sine vóta)
- Bhí seans níos mó ann go gcaithfeadh daoine a raibh íomhá dhearfach acu den AE vóta seachas iad siúd a raibh íomhá neodrach nó dhiúltach acu den AE

| | | |
|---|---|---|
| Tráchtaireacht an-mhaith | **16 - 20M** | neamhspleách agus léirsteanach |
| Tráchtaireacht mhaith | **11 - 15M** | ábhartha ach gan léargas |
| Tráchtaireacht réasúnta | **6 - 10M** | teoranta, easpa soiléireachta |
| Tráchtaireacht lag | **0 - 5M** | frithráiteach nó mearaithe |

**(d) Déan grinn-léirmheas ar an modheolaíocht a úsáideadh i nDoiciméad B.** **20 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- An painéal ar líne
- Rialuithe Cuóta
- Samplaí ionadaíocha
- Ualú de réir inscne/aois/reiligiún/aicme shóisialta

| | | |
|---|---|---|
| Anailís chriticiúil an-mhaith | **16 - 20M** | neamhspleách agus léirsteanach |
| Anailís chriticiúil mhaith | **11 - 15M** | ábhartha ach gan léargas |
| Anailís chriticiúil mheasartha | **6 - 10M** | teoranta, easpa soiléireachta |
| Anailís chriticiúil lag | **0 - 5M** | frithráiteach nó mearaithe |

**(e) Bunaithe ar an bhfianaise sa dá dhoiciméad, cad iad na húdair imní atá ag vótálaithe in Éirinn atá forleathan ar fud an AE freisin?** **20 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Géarchéim maidir leis an gcostas maireachtála/boilsciú
- Ceisteanna idirnáisiúnta (imirce agus tearmann/ coimhlintí idirnáisiúnta/gníomhaíocht aeráide)

| | | |
|---|---|---|
| Freagra an-mhaith | **16 - 20M** | soiléir, cruinn, léirsteanach |
| Freagra maith | **11 - 15M** | ábhartha ach gan léargas |
| Freagra réasúnta | **6 - 10M** | teoranta, easpa soiléireachta |
| Freagra lag | **0 - 5M** | frithráiteach nó mearaithe |

